Meas cuí agus ceart ar gach rud de réir mar a thuilleann.

D'fhoghlaim muid le linn na seachtaine seo caite sna stoirmeacha a bhuail an tír go mbíonn muid mall amanta chun glacadh le comhairle agus le rabhadh nuair a fhógraítear contúirt. Cé gur tugadh rabhadh dearg don Luan, agus gur dúnadh na scoileanna, siopaí, clinicí 7rl, agus gur moladh dúinn fanacht istigh, ní raibh meas ag chuile dhuine ar an gcontúirt ná ar an rabhadh, ná ar na seirbhísí tarrthálá a bhí ar fáil i gcás éigeandála. Bhí siad cineál a rá 'Muna fheicim contúirt, níl aon chontúirt ann', agus ag léiriú an meon aigne sin, "Táim in ann mé féin a láimhseáil."

Nuair nach dtagann rabhadh isteach fíor (abair nár bhuail an stoirm mar a bhí geallta), bíonn sé an-éasca neamhaird a thabhairt don chéad rabhadh eile a thagann. Éiríonn muid míchúramach. Bíonn muinín thar chiall orainn. Tógann muid seansanna. Ach, cé nár bhuail an stoirm go dona anseo, tá a fhios againn go raibh an t-ádh linn anseo. Mar sin, is fearr a bheith ró-chúramach roimhré in ionad a bheith brónach i ndiaidh an ama.

Tá abairt sa Soiscéal inniu, "Íocaigí le Caesar na nithe is le Caesar agus le Dia na nithe is le Dia." Ar bhealach, tá sé sin a rá linn inniu, "Bíodh meas cuí agus ceart agaibh ar gach rud de réir mar a thuilleann", agus go háirithe, b'fhéidir, ar rudaí níos láidre má muid. (Go minic, ní fheiceann muid na contúirtí thart orainn.)

Ag deireadh na bliana, bliain na hEaglaise, treoraíonn na parabail a insíonn Íosa sna léachtaí Aifrinn muid chun a bheith réidh don lá deireannach. Tagann sé mar rabhadh: Bígí aireach! Bígí ar faire. Níl a fhios agaibh cén t-am a thiocfaidh sé.

Is é meon aigne an Chríostaí (1) go mbeadh meas againn ar na contúirtí a mharaíonn spiorad an Tiarna ionainn agus a chaitheann muid siar sa mbeatha mórála, agus (2) nach beadh muid ag smaoineamh go bhfuil muid in ann muid féin a láimhseáil sa gcathú gan grásta Dé.

Ní féidir a bheith ag braith ar an Tiarna chun muid a shábháil ó chontúirt daonna nó spioradálta má théann muid ag damhsa léi go mhístuama, go hamaideach, agus gan meas.

Guí an Phobail

Glaoigheann grá Chríost le chéile muid le go dtiocfaidh athnuachan orainn inár mbaisteadh agus chun muid a aontú le misean na hEaglaise. Cuirimid ár bpaidreacha os comhair Athar ár dTiarna agus ár nAthair chomh maith.

- Inniu geallann muid ár dtacaíocht, ar ngrá agus ár bpaidreacha do Chríostaithe ar fud an domhain: go mbeannaí Dia muid mar aon phobal amháin i dtreo is gur féidir linn lucháir agus beatha an tSoiscéil a thabhairt linn.

- Ar son na misinéirí a sheol an Eaglais sa tír seo amach agus iad siúd ina misinéirí chugainn anois: go mbeannaítear an Eaglais, na pobail, na teaghlaigh, agus na daoine a ghlac leo agus a chuir fáilte roimh an Soiscéal a d'fhógair siad.

- Ar son ár dteaghlach féin: ag gabháil buíochais dóibh, iarraimid ar Dhia leanacht ag beannú muid, go háirithe daoine inár measc atá tinn, faoi bhrú, buartha, nó i ngá.

- Tar éis stoirm na seachtaine seo: gabhaímid buíochas as a tháinig slán tríd an stoirm, agus as an tacaíocht agus an tuiscint idir dhaoine agus idir phobail a spreag an ghéarchéim.

- Ar son misinéirí nach maireann agus ár mairbh ar fad: go gcuire an Tiarna fáílte rompu isteach i solas neimhe.